



RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/2537 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10a(8), an naoú fomhír déag, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ leasaíodh Treoir 2003/87/CE trí raon na dtionscadail ar féidir leis an gCiste don Nuálaíocht tacú leo a leathnú, trí conas a dhéanfar meastóireacht ar thionscadail a dhéanann iarratas ar thacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht a shonrú agus trí rialachas an Chiste don Nuálaíocht a neartú. Le Treoir (AE) 2023/959 cuireadh ar chumas an Choimisiúin tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht a dhámhachtain trí nósanna imeachta tairisceana iomaíocha.
- (2) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ⁽³⁾ déantar foráil go seolfar an chéad nós imeachta tairisceana iomaíoch i bhfómhar 2023 tacú le táirgeadh na hidrigine in-athnuaite faoin gCiste don Nuálaíocht. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 maidir leis an mBanc Eorpach Hidrigine ⁽⁴⁾ athdhearbhaíodh an cuspóir sin.
- (3) I bhfianaise an leasaithe ar Threoir 2003/87/CE agus na cuspóirí a chuirtear in iúl sna teachtaireachtaí sin, is gá leasú a dhéanamh ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾.
- (4) Le Caibidil II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856, leagtar síos na rialacha maidir le deontais a dhámhachtain faoin gCiste don Nuálaíocht. Tá cruthúnas ann go raibh na rialacha sin éifeachtach ar an iomlán ó foilsíodh an chéad ghlaao ar thograí an 3 Iúil 2020. Mar sin féin, ba cheart iad a leasú chun iad a ailíniú le ceanglais nua Threoir 2003/87/CE arna leasú le Treoir (AE) 2023/959 agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht an nós imeachta um dhámhachtain deontas bunaithe ar an taithí a fuarthas le blianta beaga anuas.
- (5) Tá glaonna ar thionscadail ar mhionscála gann-suibscríofa, go háirithe toisc go bhfuil rochtain níos éasca ag tionscadail ar mhionscála ar chistiú ar an leibhéal náisiúnta, agus go bhfuil glaonna ar thionscadail ar mórscála ró-shuibscríofa go trom. Is iomchuí, dá bhrí sin, an sainmhíniú ar thionscadail ar mhionscála a leasú chun tionscadail nach mó a gcaiteachas caipitil iomlán ná EUR 20 000 000 a chur san áireamh agus catagóir nua de thionscadail ar mheánscála a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna gann-suibscríofa agus ró-shuibscríofa araon, chun go bhféadfár tionscadail a roghnú laistigh de réimeanna méide comhchosúla agus dá bhrí sin tacú leis na tionscadail den cháilíocht is airde de gach méid ar leibhéal an Aontais.

⁽¹⁾ IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

⁽²⁾ Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).

⁽³⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gComhairle Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach (COM(2023) 62 final).

⁽⁴⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach (COM(2023) 156 final).

⁽⁵⁾ IO L 140, 28.5.2019, lch. 6.

- (6) Foráiltear le Treoir 2003/87/CE go bhfuil deontais nach ndámhtar trí nós imeachta tairisceana iomaíoch teoranta do 60 % de chostais ábhartha an tionscadail. Is iomchuí idirdhealú a dhéanamh idir ioncam eacnamaíoch agus tairbhí oibríochtúla na dtionscadal agus na costais ábhartha á ríomh chun luach ceart na gcostas ábhartha ar féidir tacú leo a shuí. Ba cheart go bhféadfaí a chinneadh freisin i gcinneadh lena seoltar glao ar thograí go ndéantar na costais ábhartha a ríomh trí chostais mheasta an tionscadail a chur i gcomparáid le cás frithfhórasach maidir le táirgeadh traidisiúnta, ag brath ar chineál an ghlaio agus ar an taithí roimhe sin.
- (7) Chun róchúiteamh tionscadal ar mhionscála a bhfuil ioncaim eacnamaíocha nach beag acu a sheachaint, níor cheart a gcostais ábhartha a ríomh a thuilleadh mar chostais caiteachais chaipitil iomlána. Ba cheart feidhm a bheith ag an modh céanna chun costais ábhartha a ríomh maidir le gach tionscadal, lena n-áirítear cóir chothrom agus chomhionann na n-iarratasóirí agus an méadú ar uasteorainn an chaiteachais chaipitil iomláin le haghaidh tionscadail ar mhionscála á meas freisin. Ba cheart don mhodh ríomha sin freastal níos fearr ar thionscadail a bhíonn ag brath ar leibhéal ard ídithe leictreachais in-athnuaite ós rud é go gcuirfear costais oibriúcháin na dtionscadal sin san áireamh agus na costais ábhartha á ríomh.
- (8) D'fhéadfadh tionchar dearfach ar an aeráid a bheith ag roinnt tionscadal nuálach, tionchar atá níos leithne ná laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa amháin. Sin an cás, mar shampla, a bhaineann le tionscadail lena laghdaítear astaíochtaí carbóin dhuibh san earnáil mhuirí, astaíochtaí is cúis le 75 % den tionchar ar an aeráid ón loingseoireacht nach tionchar dé-ocsaíde carbóin é. Is amhlaidh an cás freisin maidir le tionscadail in earnáil na heitlíochta a laghdaíonn an tionchar a bhíonn ag gáis neamh-cheaptha teasa ar an aeráid, a mbíonn dhá oiread go ceithre oiread de thionchar na dé-ocsaíde carbóin acu. Ba cheart, dá bhrí sin, an critéar maidir lean poitéinseal chun gás ceaptha teasa a laghdú a leasú chun sochair níos leithne don aeráid den sórt sin a chur san áireamh seachas an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sna critéir a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionscadail.
- (9) Ba cheart critéar na hacmhainneachta teicniúla agus chun margaidh maidir le cur i bhfeidhm forleathan nó macasamhlú forleathan a leathnú freisin chun acmhainneacht tionscadail atá beartaithe a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchair iomadúla ar an gcomhshaol chomh maith lena rannchuidiú le cuspóirí an Aontais maidir le truailliú nialasach, agus ciorclaíocht.
- (10) Ba cheart critéar na cost-éifeachtúlachta a leasú chun conas a dhéantar tacaíocht phoiblí eile a mheas sa ríomh a léiriú.
- (11) Tá tacaíocht á tabhairt cheana féin ag tionscadail san earnáil mhuirí ón gCiste don Nuálaíocht sula gcuirfear astaíochtaí muirí san áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais ('CTA AE') ó 2024 ar aghaidh, i gcás ina mbaineann siad sin le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh nó stóráil fuinnimh. Faoi 2030, ba cheart 20 milliún lamháltas ó CTA AE a úsáid chun tacú le dícharbónú na hearnála muirí. Ina theannta sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt faoin gCiste don Nuálaíocht do thionscadail in earnálacha a chumhdaítear leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha.
- (12) I bhfianaise na gcineálacha nua tionscadal agus earnálacha is incháilithe faoin gCiste don Nuálaíocht, féadfaidh an Coimisiún glaonna nó topaicí tiomnaithe a sheoladh le haghaidh earnálacha áirithe. I gcomhthéacs na nglaoanna nó na dtopaicí earnáil-sonrach sin, féadfar critéir nó ceanglais dhámhachtana bhreise a chur i bhfeidhm chun meastóireacht a dhéanamh ar rannchuidiú, a d'fhéadfadh na tionscadail bheartaithe a thabhairt le cuspóirí agus tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. D'fhéadfaí a áireamh sna critéir nó ceanglais dhámhachtana bhreise sin rannchuidiú féideartha an tionscadail le rochtain an Aontais ar sholáthar slán agus inbhuanaithe teicneolaíochtaí glan-nialasacha is gá chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú le poist ardcháilíochta a chruthú.
- (13) I bhfianaise chineál teicniúil agus éagsúlacht na dtionscadal a dhéanann iarratas ar an gCiste don Nuálaíocht, is iomchuí go mbeadh an coiste meastóireachta comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha a bhfuil an saineolas riachtanach acu chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar an mbealach is fearr atáthar in ann. Trí shaineolaithe seachtracha neamhspleácha a áireamh, is féidir saineolas a oiriúnú do na cineálacha tionscadal nó earnálacha lena mbaineann glao ar thionscadail agus líon mór iarratas a phróiseáil go leordhóthanach. Ba cheart Airteagail 12 agus 12a a leasú chun a shonrú gur féidir le coiste meastóireachta atá comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha measúnú a dhéanamh ar iarratais.

- (14) I bhfianaise líon teoranta na dtionscadail atá incháilithe faoi láthair do chúnamh forbartha tionscadail agus chun raon feidhme an chúnamh sin a mhéadú, ba cheart go bhféadfaí iarratas a dhéanamh ar chúnamh forbartha tionscadail i ndáil le haon tionscadail a thagann faoi raon feidhme an Chiste don Nuálaíocht, gan beann ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iarratas ar dheontas faoin gCiste don Nuálaíocht i ndáil le tionscadail den sórt sin. Mar sin féin, chun go mbeidh an cúnamh éifeachtach, níor cheart cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain ach ar thionscadail lena léirítear méid leordhóthanach nuálaíochta agus a bhfuil an cumas iontu laghdú suntasach a dhéanamh ar na tionchair ar an aeráid agus an fhéidearthacht iad a chur i bhfeidhm go forleathan. Ba cheart na critéir incháilitheachta agus dhámhachtana a bheith comhsheasmhach le ceanglais Threoir 2003/87/CE leasaithe. Chun sineirgí a choinneáil ar bun idir an nós imeachta um dhámhachtain deontais agus an sásra um chúnamh forbartha tionscadail, ba cheart gurbh fhéidir cinneadh a dhéanamh cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh na hiarratasóirí a ghlac páirt i nglao ar thograí agus a chomhlíon na critéir maidir le héifeachtacht laghdaithe astaíochtaí agus nuálaíocht, más mian leo, a n-iarratais ar chúnamh forbartha tionscadail a mheas go huathoibríoch. Chun díchúpláil an chúnamh forbartha tionscadail ón nós imeachta um dhámhachtain deontais a léiriú, ba cheart forálacha maidir leis an nós imeachta roghnúcháin a leasú.
- (15) Foráiltear le Treoir 2003/87/CE leasaithe go bhféadfaidh an Ciste don Nuálaíocht tacaíocht a dhámhachtain trí thairiscint iomaíoch chun táirgí ísealcharbóin nó táirgí saor ó charbón a tháirgeadh, lena n-áirítear táirgí is féidir a úsáid chun astaíochtaí gníomhaíochta a laghdú. Ba cheart, dá bhrí sin, an tacar bunúsach rialacha lena rialaítear tacaíocht a thabhairt trí thairiscint iomaíoch a leagan amach. Ba cheart, le tairiscintí iomaíocha go háirithe, go rannchuideofaí le cuspóir nua an Chiste don Nuálaíocht maidir le teicnící, próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a uas-scálú, d'fhonn iad a rolladh amach go forleathan ar fud an Aontais.
- (16) I bhfianaise Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach agus na Teachtaireachta maidir leis an mBanc Eorpach Hidrigine, ba cheart an tacaíocht a thugtar trí na chéad nósanna imeachta tairisceana iomaíocha a bheith i bhfoirm préimheanna seasta. Ba cheart na hiarratasóirí a thairgeann an praghas tairisceana is ísle a roghnú le haghaidh conradh préimhe seasta, ina leagtar amach méid seasta tacaíochta do gach aonad táirgthe. Ba cheart go mbeadh méid gach préimhe seasta cothrom leis an bpraghas tairisceana a thairgeann na hiarratasóirí. Ba cheart na préimheanna seasta a mheas mar dheontais de réir bhrí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁶⁾ ('an Rialachán Airgeadais').
- (17) Ba cheart don Choimisiún gach nós imeachta tairisceana iomaíoch a dhearadh i gcomhréir le prionsabail na hoscailteachta, na soiléireachta, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe, agus d'fhonn an riosca a bhaineann le tairiscint amhantrach a íoslaghdú. Ba cheart go n-áireofaí i ndearadh gach nós imeachta tairisceana iomaíoch na príomhpharaiméadair eacnamaíocha a imríonn tionchar díreach ar struchtúr dreasachta agus iompraíocht tairisceana togróirí tionscadail ionchasacha, agus ba cheart iad a fhoilsiú luath go leor roimh fhoilsiú an ghlaio ar thograí chun iomaíocht éifeachtach a chumasú. Ba cheart coigeartuithe *ex post* ar thoradh an nós imeachta tairisceana amháil caibidlíocht ina dhiaidh ar thorthaí tairisceana nó ar chiondail a sheachaint.
- (18) Chun iomaíocht leordhóthanach agus éifeachtach idir iarratasóirí a áirithiú, ba cheart buiséad uasta nó méid uasta a bheith ag an nós imeachta tairisceana iomaíoch a fheidhmíonn mar shrian ceangailteach sa dóigh go bhféadfar a mheas nach bhfaigheadh gach iarratasóir tacaíocht. Má bhíonn nós imeachta tairisceana iomaíoch gann-suibscríofa, ba cheart dearadh na nósanna imeachta tairisceana iomaíocha ina dhiaidh sin a oiriúnú chun iomaíocht éifeachtach a áirithiú.
- (19) Ba cheart gach nós imeachta tairisceana iomaíoch (lena n-áirítear sainmhíniú agus ceanglais an táirge ísealcharbóin nó saor ó charbón ar féidir tacaíocht a thabhairt ina leith) a dhearadh ar bhealach nach roghnófar ach na tionscadail sin a bhfuil an acmhainneacht acu astaíochtaí a laghdú i roinnt earnálacha agus rannchuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais agus le cuspóirí an Aontais maidir le truailliú nialasach agus ciorclaíocht. Ba cheart acmhainneacht a bheith ag an táirge a cuireadh ar ceant go bhféadfar é a chur i bhfeidhm go forleathan agus na costais a bhaineann leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach a laghdú sna hearnálacha lena mbaineann. Ina theannta sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt do tháirgí a bhfuil an acmhainneacht acu aghaidh a thabhairt ar thionchair iomadúla ar an gcomhshaol.

⁽⁶⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aighairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

- (20) Le haghaidh gach nós imeachta tairisceana iomaíoch, ba cheart don Choimisiún ceanglais cháilíochta a leagan amach go soiléir nach mór a chomhlíonadh chun togra a rangú. Ba cheart na ceanglais cháilíochta sin a theorannú don mhéid is gá chun nós imeachta tairisceana iomaíoch éifeachtach agus cur i gcrích an tionscadail bheartaithe a áirithiú i gcomhréir le cuspóirí an ghlaio ar thograí agus i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (21) Ba cheart tograí a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a rangú ón bpraghas tairisceana is ísle go dtí an praghas tairisceana is airde. Ba cheart gurbh fhéidir, i gcásanna eisceachtúla, critéir bhreise a úsáid chun na tograí a rangú, ar choinníoll gurb ionann an praghas tairisceana, i gcoibhneas díreach leis an táirge nó leis an gcuspóir atá mar ábhar an nós imeachta tairisceana iomaíoch, agus 70 % ar a laghad d'uallú na gcritéir rangaithe.
- (22) D'fhéadfadh go dtacófaí cheana féin leis na tionscadail lena mbaineann táirgeadh táirgí ísealcharbóin nó táirgí saor ó charbón ar leibhéal éagsúla i mBallstáit dhifriúla. Chun cothroime iomaíochta idir iarratasóirí a áirithiú agus chun a áirithiú go roghnófar na tionscadail is éifeachtúla ó thaobh costais de, ba cheart go bhféadfaí srian a chur leis an bhféidearthacht go mbeadh tionscadail a fhaigheann tacaíocht phoiblí cheana féin chun táirgí ísealcharbóin nó táirgí saor ó charbón a tháirgeadh rannpháirteach i nós imeachta tairisceana iomaíoch. Ba cheart srian den sórt sin a leagan amach go soiléir i gcinneadh lena seoltar glao ar thograí.
- (23) Féadfar taiscí a éileamh chun tairiscint amhantrach a sheachaint agus chun dílseacht agus ardcháilíocht na dtograí a áirithiú, chomh maith le measúnú ar na tograí a éascú trí sheiceálacha aibíochta tionscadail níos éadroime. Ba cheart taiscí a bheith i bhfoirm taiscí airgid thirim, ráthaíochtaí bainc, ráthaíochtaí ó mháthairchuideachta nó cineálacha ráthaíochta eile a úsáidtear go minic.
- (24) Chun 'Ceantanna mar Sheirbhís' (Ardán Ceantála an Aontais dá dtagraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an mBanc Eorpach Hidrigine) a oibríochtú, d'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar an gcomhlacht cur chun feidhme atá i gceannas ar rangú na dtograí, na tograí a bhfuil a bpraghas tairisceana níos airde ná an praghas imréitigh a rangú, ionas gur féidir leis na Ballstáit tacú leis na tionscadail sin i gcomhthéacs na Ceantála mar Sheirbhís.
- (25) I gcomhréir le Treoir 2003/87/CE, cuirfidh an Coimisiún cúnamh teicniúil ar fáil do na Ballstáit a iarrann é agus a bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta éifeachtaí acu i dtionscadail arna gcistiú faoin gCiste don Nuálaíocht. Leis an gcúnamh teicniúil sin, ba cheart acmhainní an Bhallstáit iarrthaigh a mhéadú chun tacú le hiarrachtaí thogróirí tionscadail ina gcríocha faoi seach iarratais ar chistiú ón gCiste don Nuálaíocht a chur isteach, chun feabhas a chur ar raon geografach éifeachtach na rannpháirtíochta sa Chiste don Nuálaíocht agus chun cáilíocht fhoriomlán na dtionscadal arna gcur isteach a mhéadú. I gcomhréir le hAirteagal 110 den Rialachán Airgeadais, cinnfidh an Coimisiún an méid a bheidh ar fáil do na Ballstáit le haghaidh cúnamh teicniúil agus liosta na mBallstát atá incháilithe le haghaidh cúnamh teicniúil. Ba cheart gurb iad na Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cúnamh teicniúil, na Ballstáit sin a bhfuil an cóimheas is ísle acu idir an tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht a fhaigheann tionscadail ina gcríoch (i dtéarmaí líon agus méid airgeadaíochta araon) agus a sciar d'astaíochtaí fíoraithe CTA AE le linn na tréimhe 2013–2020. Ba cheart liosta na mBallstát incháilithe a thabhairt cothrom le dáta uair gach 2 bhliain ar a laghad.
- (26) I gcomhréir le Treoir 2003/87/CE, tá an Coimisiún chun sineirgí a lorg idir an Ciste don Nuálaíocht agus Clár Réime um thaighde agus um nuálaíocht Fhís Eorpach, agus, i gcás inarb ábhartha, idir an Ciste don Nuálaíocht agus clár eile de chuid an Aontais. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar an gcomhlacht cur chun feidhme sineirgí a chothú idir an Ciste don Nuálaíocht agus clár chistiúcháin eile de chuid an Aontais a bhainistíonn sé.
- (27) Chun infheictheacht an chistithe ón gCiste don Nuálaíocht a áirithiú, ba cheart do thogróirí tionscadail a dtionscadail, agus na torthaí agus an tionchar atá acu, a chur chun cinn, agus cuirfidh siad in iúl go soiléir foinse na tacaíochta a fuarthas trí úsáid a bhaint as an ábhar poiblíochta a bheidh réamhaontaithe leis an gcomhlacht cur chun feidhme.
- (28) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmiligthe (AE) 2019/856 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

‘(3) ciallaíonn ‘tionscadal ar mhionscála’ tionscadal nach mó a chaiteachas caipitil iomlán ná EUR 20 000 000;’;

(b) cuirtear isteach pointí (4) go (10) mar a leanas:

‘(4) ciallaíonn ‘tionscadal ar mheánscála’ tionscadal ar mó a chaiteachas caipitil iomlán ná EUR 20 000 000 agus nach mó ná EUR 100 000 000 é;

(5) ciallaíonn ‘cinneadh lena seoltar glao ar thograí’ cinneadh maoiniúcháin lena gcumasaíonn an Coimisiún glao ar thograí a mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘an Rialachán Airgeadais’) *;

(6) ciallaíonn ‘nós imeachta tairisceana iomaíoch’ nós imeachta trína ndéantar táirgeoirí táirgí ísealcharbóin nó saor ó charbón a bhfuil iarratas déanta acu ar thacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht a roghnú ar bhonn na tairisceana is iomaíche, i gcomhréir le hAirteagal 13d den Rialachán seo;

(7) ciallaíonn ‘ceanglas cáilíochta’ coinníoll a chomhlíonfaidh tairgeoir i nós imeachta tairisceana iomaíoch chun a thairiscint a rangú;

(8) ciallaíonn ‘critéar rangaithe’ an critéar a úsáidtear i nósanna imeachta tairisceana iomaíocha chun tograí a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a rangú. Is é an praghas tairisceana an critéar rangaithe i gcónaí, a chuirtear i gcoibhneas go díreach leis an táirge nó leis an gcuspóir lena bhfoirmítear ábhar an nós imeachta tairisceana iomaíoch, ach féadfar é a fhorlíonadh go heisceachtúil le critéir rangaithe eile;

(9) ciallaíonn ‘dearadh nós imeachta tairisceana iomaíoch’ an tuairisc ar phríomhpharaiméadair eacnamaíocha nós imeachta tairisceana iomaíoch a imríonn tionchar díreach ar struchtúr dreasachtaí agus iompraíocht tairisceana thogróirí tionscadail;

(10) ciallaíonn ‘praghas imréitigh’ praghas na tairisceana imeallaí a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta is infheidhme i nós imeachta tairisceana iomaíoch.’;

* Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(2) in Airteagal 3, cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

‘(aa) chun tacú le tionscadail atá aibí go leordhóthanach, a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus atá dírithe ar theicneolaíochtaí, próisis nó táirgí nuálacha a uas-scálú chun a rolladh amach tráchtála leathan a bhaint amach ar fud an Aontais;’;

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

‘Féadfaidh tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht a bheith sna cineálacha seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) i gcás inar gá chun cuspóirí Threoir 2003/87/CE a bhaint amach, cistiú in aon cheann de na cineálacha eile a leagtar síos sa Rialachán Airgeadais, go háirithe duaiseanna, agus soláthar poiblí.’;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil II:

‘Forálacha sonracha is infheidhme maidir le deontais nach ndámhtar ar bhonn Chaibidlí IIa, IIb nó IIc’;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

‘Airteagal 5

Costais ábhartha

Chun críocha na cúigiú abairte den séú fomhír déag d’Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE, is é a bheidh sna costais ábhartha na glanchostais bhreise a sheasann an togróir tionscadail mar thoradh ar chur i bhfeidhm na teicneolaíochta nuálaí a bhaineann le laghdú nó seachaint na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa.

Déanfar na glanchostais bhreise a ríomh mar an difríocht idir (i) an meastachán is fearr ar chostais eacnamaíocha (lena gcumhdaítear infheistíocht agus oibriú) agus ar ioncaim eacnamaíocha agus tairbhí oibríochtúla, agus (ii) an meastachán is fearr ar chostais eacnamaíocha agus ioncaim agus tairbhí oibríochtúla tionscadail a úsáideann gnáth-theicneolaíocht a bhfuil an acmhainneacht chéanna aige i dtéarmaí táirgeadh éifeachtach an táirge deiridh analógaigh.

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh freisin gurb é a bheidh sna costais ábhartha na glanchostais bhreise, arna ríomh mar an difríocht idir an meastachán is fearr ar (i) na costais eacnamaíocha (lena gcumhdaítear infheistíocht agus oibriú) agus (ii) an t-ioncam eacnamaíoch agus tairbhí oibríochtúla.’;

(6) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Eisíocfar na deontais nuair a bhainfear amach na garspriocanna réamhchinntithe.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. Déanfar suas le 40 % de mhéid iomlán an deontais do thionscadal sonracha a eisíoc ar dheireadh an bliana airgeadais nó ar garspíoc shonrach a shroicheadh roimh dheireadh na bliana airgeadais i gcás ina gcinnfear garspíoc den sórt sin i gcomhréir le mír 3.

5. Déanfar fuilleach mhéid iomlán an deontais a eisíoc tar éis deireadh na bliana airgeadais. Féadfar é a eisíoc go páirteach roimh an teacht i bhfeidhm agus i dtráthchodanna bliantúla tar éis an teachta i bhfeidhm.’;

(c) scriostar mír 6;

(7) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Iarrfar ar thogróirí tionscadal iarratas a dhéanamh ar dheontais trí ghlaonna oscailte ar thograí arna seoladh ag an gCoimisiún. Sula nglacfaidh sé cinneadh lena seoltar glao ar thograí, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit maidir leis an dréachtchinneadh.’;

(b) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(1) scriostar pointe (b);

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) tuairisc ar an nós imeachta iarratais, ina sonrúar cibé acu atá feidhm ag nós imeachta aonchéime nó dhá chéim, agus ina sonrúar an fhaisnéis agus an doiciméadacht atá le cur isteach leis an iarratas.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (g) agus (h):

‘(g) má tá cuid de mhéid iomlán na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht atá ar fáil don ghlaio ar thionscadail ar mhionscála nó ar mheánscála á forchoimeád ag an gCoimisiún, méid na coda sin;

(h) cibé acu an gcuirtear critéir dhámhachtana bhreise i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 11(2) agus 11(3).’;

(8) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Má tá an nós imeachta iarratais dhá chéim á úsáid, is éard a bheidh ann na céimeanna leantacha seo a leanas:

(a) céim an léirithe spéise;

(b) céim an iarratais iomláin.

Le linn chéim an léirithe spéise, cuirfidh togróir an tionscadail isteach tuairisc ar phríomh-shaintréithe an tionscadail i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa ghlaio ábhartha ar thograí. Áireofar sa tuairisc sin tuairisc ar éifeachtacht, ar mhéid nuálaíochta agus ar aibíocht an tionscadail mar a shonraítear in Airteagal 11(1), pointí (a), (b) agus (c).

Le linn chéim iomlán an iarratais, cuirfidh togróir an tionscadail isteach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal agus ar gach doiciméad tacaíochta, lena n-áirítear na pleananna maidir le comhroinnt eolais, cumarsáid agus scaipeadh.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta iarratais aonchéime, cuirfidh togróir an tionscadail isteach iarratas iomlán mar a dtugtar tuairisc air i mír 2, an tríú fomhír.’;

(9) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Critéir dhámhachtana’;

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Dámhfar deontais ar bhonn na gcritéir seo a leanas:

(a) éifeachtacht na dtionscadal atá beartaithe ó thaobh a n-acmhainneacht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachaint agus ó thaobh an tionchar foriomlán ar an aeráid a laghdú trí, i gcás inarb infheidhme, na tagarmharcanna dá dtagraítear in Airteagal 10a(2) de Threoir 2003/87/CE a úsáid;

(b) leibhéal nuálaíochta na dtionscadal atá beartaithe i gcomparáid leis an úrscothacht;

(c) aibíocht an tionscadail i dtéarmaí pleanála, na samhla gnó, an struchtúir airgeadais agus dhlíthiúl chomh maith leis an ionchas go sroichfear deireadh na bliana airgeadais laistigh de thréimhse réamhshainithe ama nach mó ná 4 bliana tar éis an chinneadh dhámhachtana;

(d) acmhainneacht theicniúil agus acmhainneacht chun margaidh na dtionscadal atá beartaithe le haghaidh cur i bhfeidhm nó macasamhlú forleathan, nó le haghaidh laghduithe ar chostais amach anseo, agus i dtéarmaí acmhainneacht na dtionscadal atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar thionchair iomadúla ar an gcomhshaol agus ar a rannchuidiú le cuspóirí an Aontais maidir le truailliú nialasach agus ciorclaíocht;

(e) éifeachtúlacht i dtéarmaí mhéid deontais an Chiste don Nuálaíocht a iarradh móide aon tacaíocht phoiblí eile atá mar chuid de shamhail airgeadais an tionscadail, arna roinnt ar an méid iomlán réamh-mheasta d’astaíochtaí gás ceaptha teasa atá le seachaint sna chéad 10 mbliana oibríochta.

2. Féadfar critéir dhámhachtana bhreise a bhfuil sé d’aidhm acu leithdháileadh cothrom ó thaobh na geografaíochta de a bhaint amach maidir leis an tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht a áireamh sa ghlaio ar thograí chun deontais a dhámhachtain ar na tionscadail a roghnaíodh.’;

(c) cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

‘3. I gcás ina seolann an Coimisiún glao ar thograí earnáil-sonrach nó ina ndéanann sé foráil maidir le topaic earnáil-sonrach laistigh de ghlaio ar thograí, féadfar critéir dhámhachtana bhreise nó ceanglais bhreise a áireamh i ndoiciméid an ghlaio chun meastóireacht a dhéanamh ar an rannchuidiú ionchasach na dtionscadal atá beartaithe le cuspóirí agus tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlaio don Eoraip. Féadfar a áireamh sna critéir nó ceanglais dhámhachtana bhreise sin rannchuidiú féideartha na dtionscadal atá beartaithe le rochtain an Aontais ar sholáthar slán agus inbhuanaithe teicneolaíochtaí glan-nialasacha a bhfuil gá leo chun athléimneacht chóras fuinnimh an Aontais a chosaint agus chun rannchuidiú le poist ardcháilíochta a chruthú.’;

(10) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Nós imeachta roghnúcháin maidir leis an nós imeachta iarratais dhá chéim’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 go 5:

‘1. Bunaithe ar na hiarratais a fuarthas le linn chéim an léirithe spéise, déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme incháilitheacht gach tionscadail atá beartaithe a mheas i gcomhréir le hAirteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE. Roghnóidh an comhlacht cur chun feidhme tionscadail incháilithe ansin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo.

2. Bunaithe ar na hiarratais a gheofar ag céim an léirithe spéise, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta de na tionscadail a chomhlíonann na critéir dhámhachtana a leagtar síos in Airteagal 11(1), pointí (a), (b) agus (c), agus iarrfaidh sé ar thogróirí na dtionscadal sin iarratas iomlán a chur isteach.

3. Bunaithe ar an iarratas iomlán a fhaightear i gcomhréir le mír 2, rachaidh an comhlacht cur chun feidhme ar aghaidh leis an meastóireacht ar an tionscadal agus leis an rangú bunaithe ar na critéir dhámhachtana uile a leagtar síos in Airteagal 11. Déanfaidh coiste meastóireachta measúnú ar iarratais, a d’fhéadfadh a bheith comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha. Ag deireadh na meastóireachta, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta tionscadal réamhroghnaithe.

4. Déanfar liosta na dtionscadal réamhroghnaithe dá dtagraítear i mír 3 a chur in iúl don Choimisiún agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa liosta:

(a) dearbhú ar chomhlíontacht leis na critéir incháilitheachta agus dhámhachtana;

(b) mionsonraí maidir le meastóireacht agus rangú an tionscadail;

(c) costais iomlána an tionscadail agus costais ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5, in euro;

(d) méid an deontais iarrtha in euro;

(e) méid réamh-mheasta astaíochtaí gás ceaptha teasa atá le seachaint.

5. Ar bhonn an mhéid a cuireadh in iúl de bhun mhír 4, agus tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 21(2), glacfaidh an Coimisiún an cinneadh dámhachtana lena sonraítear an tacaíocht le haghaidh na dtionscadal roghnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, tarraingeoidh sé suas liosta ionadaithe.’;

(c) cuirtear an mhír 6 seo a leanas isteach:

‘6. Déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme na hiarratais a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 11(1), pointí (a) agus (b), ach nár réamhroghnaíodh, a sholáthar don Choimisiún. Má chomhaontaíonn na hiarratasóirí, féadfaidh an Coimisiún na hiarratais sin a aistriú chuig an eintiteas atá i gceannas ar chúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain i gcomhréir le hAirteagal 13.’;

(11) Leasaítear Airteagal 12a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Nós imeachta roghnúcháin maidir leis an nós imeachta iarratais aonchéime’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2, 3 agus 4:

‘2. Ar bhonn na n-iarratas a fhaightear, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta na dtionscadal a chomhlíonann na critéir dhámhachtana a leagtar síos in Airteagal 11 agus leanfaidh sé ar aghaidh le meastóireacht agus rangú na dtionscadal bunaithe ar na critéir dhámhachtana a leagtar síos san Airteagal sin. Déanfaidh coiste meastóireachta measúnú ar iarratais, a d’fhéadfadh a bheith comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha. Ag deireadh na meastóireachta, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta tionscadal réamhroghnaithe.

3. Déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme na hiarratais a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 11(1), pointí (a) agus (b), ach nár réamhroghnaíodh, a sholáthar don Choimisiún. Má chomhaontaíonn na hiarratasóirí, féadfaidh an Coimisiún na hiarratais sin a aistriú chuig an eintiteas atá i gceannas ar chúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain, i gcomhréir le hAirteagal 13.

4. Déanfar liosta na dtionscadal réamhroghnaithe dá dtagraítear i mír 2 a chur in iúl don Choimisiún agus beidh an méid seo a leanas ar a laghad sa liosta:

- (a) dearbhú ar chomhlíontacht leis na critéir incháilitheachta agus dhámhachtana;
- (b) mionsonraí maidir le meastóireacht agus rangú an tionscadail;
- (c) costais iomlána an tionscadail agus costais ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5, in euro;
- (d) an méid deontais iarrtha in euro;
- (e) méid réamh-mheasta astaíochtaí gás ceaptha teasa atá le seachaint.’;

(12) cuirtear teideal na Caibidle seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 12b:

‘CAIBIDIL IIa

Cúnamh forbartha tionscadail’;

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

‘Airteagal 13

Cúnamh forbartha tionscadail

1. Cinnfidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 21(2), pointe (c), uasmhéid na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht atá ar fáil le haghaidh cúnamh forbartha tionscadail.

2. Féadfaidh an Coimisiún cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain i bhfoirm cúnamh teicniúil d’aon tionscadal a thagann faoi raon feidhme an Chiste don Nuálaíocht, mar a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa séú fhomhír d’Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE.

3. Féadfar na gníomhaíochtaí seo a leanas a chistiú trí bhíthin cúnamh forbartha tionscadail:

- (a) doiciméadacht tionscadail nó comhpháirteanna de dhearadh an tionscadail a fheabhsú agus a fhorbairt d’fhonn aibíocht leordhóthanach an tionscadail a áirithiú;
- (b) measúnú ar indéantacht an tionscadail, lena n-áirítear staidéir theicniúla agus eacnamaíocha;
- (c) comhairle maidir le struchtúr airgeadais agus dlíthiúil an tionscadail;
- (d) fothú acmhainneachta an togróra tionscadal.

4. Má chuirtear cúnamh forbartha tionscadail chun feidhme faoi bhainistíocht indíreach, déanfaidh an t-eintiteas cur chun feidhme an nós imeachta roghnúcháin agus glacfaidh sé an cinneadh cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún. Cuirfear san áireamh sna critéir dhámhachtana méid na nuálaíochta i gcomparáid leis an úrscothacht, an acmhainneacht tionchair aeráide a laghdú go suntasach agus tacú le cur i bhfeidhm forleathan, an aibíocht chomh maith leis an gcothromaíocht gheografach agus earnálach i ndáil le punann na dtionscadal cistithe.’;

(14) cuirtear Caibidil IIb seo a leanas isteach:

‘CAIBIDIL IIb

Forálacha sonracha is infheidhme maidir le nósanna imeachta tairisceana iomaíocha

Airteagal 13a

Dearadh agus prionsabail nós imeachta tairisceana iomaíoch

1. Déanfaidh an Coimisiún dearadh an nós imeachta tairisceana iomaíoch i gcomhréir le prionsabail na hoscailteachta, na soiléireachta, na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe a leagan amach.

2. Déanfar nósanna imeachta tairisceana iomaíocha a dhearadh ar bhealach lena n-íoslaghdófar an riosca go ndéanfar tairiscint amhantrach.

3. Beidh buiséad uasta nó méid uasta ag gach nós imeachta tairisceana iomaíoch a fheidhmeoidh mar shrian ceangailteach. Déanfar nósanna imeachta tairisceana iomaíocha gann-suibscríofa a oiriúnú chun iomaíocht éifeachtach a athbhunú sna nósanna imeachta tairisceana iomaíocha ina dhiaidh sin.

4. Foilseofar dearadh an nós imeachta tairisceana iomaíoch luath go leor roimh fhoilsiú an ghlaio ar thograí chun iomaíocht éifeachtach a chumasú.

Airteagal 13b

Glaonna ar thograí

1. Iarrfar ar thogróirí tionscadail iarratas a dhéanamh ar nós imeachta tairisceana iomaíoch trí ghlaonna oscailte ar thograí arna seoladh ag an gCoimisiún.
2. Sula nglacfaidh sé cinneadh lena seoltar glao ar thograí, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit maidir leis an dréachtchinneadh.
3. Leagfar amach go soiléir an méid seo a leanas sa chinneadh ón gCoimisiún lena seoltar na glaonna ar thograí:
 - (a) na cuspóirí beartais a shaothraítear leis an nglao;
 - (b) sainmhíniú beacht agus ceanglais an táirge ísealcharbóin nó an táirge saor ó charbón a bhféadfadh tacaíocht a dheonú ina leith;
 - (c) an buiséad arna sholáthar ag an gCiste don Nuálaíocht;
 - (d) cé acu a bheidh nó nach mbeidh feidhm ag uasphraghas tairisceana nó uasmhéid toirte in aghaidh na tairisceana;
 - (e) cé acu a bheidh nó nach mbeidh feidhm ag srianta ar chardadh nó ar theaghlaim den tacaíocht arna dámhachtain ar bhonn nós imeachta tairisceana iomaíoch le bearta tacaíochta an Aontais nó náisiúnta;
 - (f) cé acu a bheidh nó nach mbeidh feidhm ag critéir eile seachas an praghas tairisceana chun na tograí a rangú;
 - (g) uasfhad na tacaíochta arna dámhachtain ar bhonn an nós imeachta tairisceana iomaíoch;
 - (h) tuairisc ar na nósanna imeachta iarratais agus roghnúcháin;

Airteagal 13c

Ceanglais cháilithe

1. Ní dhéanfar ach tograí a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a mheas le haghaidh an nós imeachta rangúcháin a leagtar amach in Airteagal 13d.
2. Beidh sé d'aidhm ag ceanglais cháilíochta a áirithiú go mbeidh togróirí tionscadail atá rannpháirteach sa nós imeachta tairisceana iomaíoch in ann an tionscadal atá beartaithe a chur i gcrích i gcomhréir le dearadh an nós imeachta tairisceana iomaíoch, le téarmaí an ghlaio ar thograí agus leis na cuspóirí in Airteagal 3, agus i gcomhréir le dlí an Aontais.
3. Beidh na ceanglais cháilíochta teoranta don mhéid is gá chun cuspóirí an nós imeachta tairisceana iomaíoch a bhaint amach agus chun an leibhéal iomaíochta agus cáilíochta is airde a áirithiú sna tograí arna gcur isteach.
4. Féadfaidh critéir incháilitheachta, roghnúcháin agus dhámhachtana de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais a bheith i gceist leis na ceanglais cháilíochta.

Airteagal 13d

An nós imeachta rangúcháin

1. Déanfar tograí a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a rangú ón bpraghas is ísle a thairgtear go dtí an praghas is airde, mura gcuirtear critéir bhreise i bhfeidhm de bhun mhír 2.
2. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, i gcásanna eisceachtúla, critéir bhreise a úsáid chun na tograí a rangú, ar choinníoll gurb ionann an praghas tairisceana agus 70 % ar a laghad d'ualú na gcritéar rangaithe, i gcoibhneas díreach leis an táirge nó leis an gculpóir atá mar ábhar an nós imeachta tairisceana iomaíoch. Leagfar amach go soiléir sa ghlaio ar thograí úsáid na gcritéar breise agus tabharfar údar leis sin de bharr chineál an táirge a cuireadh ar ceant agus chuspóirí an ghlaio.
3. Déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme liosta de thograí réamhroghnaithe a tharraingt suas agus cuirfidh sé in iúl don Choimisiún é. Beidh an méid a leanas san áireamh leis an liosta sin:
 - (a) dearbhú ar chomhlíontacht leis na ceanglais cháilíochta;

- (b) mionsonraí maidir leis an rangú;
 - (c) an méid tacaíochta a iarradh;
 - (d) méid réamh-mheasta an táirge a cuireadh ar ceant.
4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh an comhlacht cur chun feidhme in iúl freisin rangú na dtograí a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta ach a bhfuil a bpraghas os cionn an phraghais imréitigh.
5. Ar bhonn an mhéid a cuireadh in iúl de bhun mhír 3, agus tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 21(2), glacfaidh an Coimisiún an cinneadh dámhachtana lena sonraítear an tacaíocht le haghaidh na dtograí roghnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, tarraingeoidh sé suas liosta ionadaithe.

Airteagal 13e

Carnadh

1. I gcás gach nós imeachta tairisceana iomaíoch, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh srian a chur leis an bhféidearthacht gur carnadh togróir tionscadail an tacaíocht arna tabhairt ar bhonn nós imeachta tairisceana iomaíoch le cistiú an Aontais nó le tacaíocht phoiblí náisiúnta.
2. Beidh aon srian arna ghlacadh de bhun mhír 1 teoranta don mhéid is gá chun cothroime iomaíochta a áirithiú agus chun cuspóirí an nós imeachta tairisceana iomaíoch a bhaint amach.
3. Déanfar raon feidhme agus réasúnaíocht na srianta dá dtagraítear i mír 1 a leagan amach go soiléir sa dréachtchinneadh a chuirfear faoi bhráid na mBallstát de bhun Airteagal 13b(2) agus i bhfoilsíú eilimintí deartha an nós imeachta tairisceana iomaíoch dá dtagraítear in Airteagal 13a(4).

Airteagal 13f

Taiscí

1. Féadfaidh an Coimisiún taiscí a iarraidh, i gcomhréir le hAirteagal 10a(8a) de Threoir 2003/87/CE, i bhfoirm ráthaíocht airgeadais, chun an riosca a bhaineann le tairiscint amhantrach a mhaolú nó chun togróirí tionscadail a dhreasú chun an tionscadal atá beartaithe a sheachadadh in am agus i gcomhréir lena dtogra.
2. Fabhróidh taiscí coimeáda chuig an gCiste don Nuálaíocht mar ioncam sannta seachtrach de bhun Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais;.

(15) cuirtear Caibidil IIc seo a leanas isteach:

‘CAIBIDIL IIc

Forálacha sonracha is infheidhme maidir le cúnamh teicniúil a sholáthraítear do Bhallstáit a bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta éifeachtaí acu

Airteagal 13g

Cúnamh teicniúil a sholáthraítear do Bhallstáit a bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta éifeachtaí acu

1. Na Ballstáit a bhfuil an cóimheas is ísle acu bunaithe ar an tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht a fuair tionscadail ina gcríoch i gcomparáid lena sciar d'astaíochtaí fíoraithe CTA AE in 2013-2020, féadfaidh siad a bheith incháilithe do chúnamh teicniúil a sholáthar an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10a(8), an ceathrú fomhír déag, de Threoir 2003/87/CE.
2. Tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 21(2)(d), cinnfidh an Coimisiún uasmhéid na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht atá ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil chomh maith leis an liosta de na Ballstáit atá incháilithe le haghaidh cúnamh teicniúil. Déanfar liosta na mBallstát incháilithe a thabhairt cothrom le dáta uair gach 2 bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin;.

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Chaibidil III:

‘Forálacha sonracha is infheidhme maidir le cineálacha eile tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht’;

(17) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den chuid réamhráiteach:

‘Féadfar bainistíocht fhoriomlán na nglanna ar thograí, eisíocaíocht na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht agus faireachán ar chur chun feidhme na dtionscadal roghnaithe a chur de chúram ar an gcomhlacht cur chun feidhme arna hainmniú i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den Rialachán seo chun an Ciste don Nuálaíocht a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 17(2).’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) an nós imeachta roghnúcháin a eagrú, lena n-áirítear meastóireacht agus rangú na dtograí’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (m):

‘(m) gníomhaíochtaí faisnéise, cumarsáide agus cur chun cinn, lena n-áirítear táirgeadh na n-ábhar cur chun cinn’;

(4) cuirtear pointe (oa) seo a leanas isteach:

‘(oa) sineirgí a chothú idir an Ciste don Nuálaíocht agus cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais (lena n-áirítear Fís Eorpach)’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

‘Tar éis dhúnadh gach glao ar thograí a eagraítear de bhun Airteagail 9 agus 10, déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme faisnéis maidir leis na hiarratasóirí, a dtionscadail, a sonraí teagmhála, méid an deontais arna iarraidh, an acmhainneacht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a sheachaint agus na dátaí atá beartaithe maidir le deireadh na bliana airgeadais agus teacht i bhfeidhm, a chomhroinnt leis na Ballstáit.

Tar éis dhúnadh gach glao ar thograí a eagraítear de bhun Airteagal 13b, déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme faisnéis maidir le togróirí an tionscadail, a dtionscadail, a sonraí teagmhála, an méid tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht a iarraidh agus, i gcás inarb ábhartha, na dátaí atá beartaithe maidir le deireadh na bliana airgeadais agus teacht i bhfeidhm, a chomhroinnt leis na Ballstáit.

Tá comhroinnt na faisnéise dá dtagraítear sa dara mír agus sa tríú mír faoi réir thoiliú thogróir an tionscadail agus reachtaíocht an Aontais.’;

(18) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ina n-aisghabhfar méideanna eisíochta faoi Airteagail 7 agus 8 den Rialachán seo, is éard a bheidh sna méideanna aisghafa ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán Airgeadais agus úsáidfear iad chun oibríochtaí an Chiste don Nuálaíocht a mhaoiniú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás na gcúraimí cur chun feidhme uile a dhéanfaidh an Coimisiún, lena n-áirítear trí ghníomhaireacht feidhmiúcháin, ioncam sannta seachtrach de réir bhrí mhíreanna 1 agus 5 d’Airteagal 21 den Rialachán Airgeadais a bheidh in ioncam an Chiste don Nuálaíocht. Cumhdófar le hioncam an Chiste don Nuálaíocht gach costas riaracháin agus bainistíochta a bhaineann lena chur chun feidhme. Féadfaidh an Coimisiún uasmhéid 5 % d’imchlúdach an Chiste don Nuálaíocht a úsáid chun a chostais bhainistíochta a chumhdach.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Féadfaidh tionscadal a fuair tacaíocht ón gCiste don Nuálaíocht ranníocaíocht a fháil freisin ó aon chlár eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar choinníoll nach gcumhdaíonn na ranníocaíochtaí sin na costais chéanna agus nár tugadh isteach aon srian i gcomhréir le hAirteagal 13e(1). Ní rachaidh na maoiniú carnach thar chostais incháilithe iomlána an tionscadail agus féadfar an tacaíocht ó na cláir éagsúla de chuid an Aontais a ríomh ar bhonn *pro rata*.’;

(19) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Faoi réir fhorálacha Threoir 2003/87/CE, úsáidfear ioncam an Chiste don Nuálaíocht a bheidh fágtha ag deireadh na tréimhse incháilitheachta do na tionscadail a fhaigheann tacaíocht chun tacú le tionscadail nua a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar síos in Airteagal 10a(8) den Treoir sin go dtí go gcaithfear na hioncain uile ar chuspóirí an Chiste don Nuálaíocht.’;

(20) in Airteagal 21, leasaítear mír 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

‘(a) liosta na dtograí réamhroghnaithe, lena n-áirítear an liosta ionadaithe, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagail 12, 12a agus 13d;

(b) dréachtchinní ón gCoimisiún dá dtagraítear in Airteagail 9(1), 13b, 14(2) agus 15(1);

(c) uasmhéid na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht atá le cur ar fáil don chúnamh forbartha tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 13;’

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

‘(d) uasmhéid na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht atá le cur ar fáil don chúnamh teicniúil agus liosta na mBallstát ina bhfuil leibhéal íseal rannpháirtíochta éifeachtaí acu, i gcomhréir le hAirteagal 13g.’;

(21) in Airteagal 23, scriostar míreanna 5 agus 6;

(22) in Airteagal 24, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. In 2025 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar oibriú an Chiste don Nuálaíocht. Díreofar sa mheastóireacht ar an measúnú ar shineirgí idir an Ciste don Nuálaíocht agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht an Aontais (lena n-áirítear Fís Eorpach agus Fís 2020), ach ní bheidh sí teoranta don mheasúnú sin, chomh maith leis an nós imeachta maidir le tacaíocht an Chiste don Nuálaíocht a eisíoc.’;

(23) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh togróirí an tionscadail chun cinn go réamhghníomhach agus go córasach na tionscadail a dtacaítear leo faoin Rialachán seo agus a dtorthaí agus a dtionchar trí fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil go poiblí trí na bealaí cumarsáide uile atá ar fáil, lena n-áirítear a suíomhanna gréasáin agus a gcuntais meán sóisialta. Áireofar san fhaisnéis sin tagairt shainráite do thacaíocht an Chiste don Nuálaíocht a fuarthas. Ainmneoidh togróirí an tionscadail pointe fócasach do chumarsáid tionscadail agus cuirfidh siad an comhlacht cur chun feidhme ar an eolas i bhfad roimh ré sula rachaidh siad i mbun gníomhaíochtaí sonracha cumarsáide nó scaipthe tionscadail a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar na meáin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfar an lipéad ‘(comh)chistithe ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (an Ciste don Nuálaíocht)’, suaitheantas an Aontais agus ábhar poiblíochta eile a éilítear a úsáid le haghaidh gach gníomhaíocht cumarsáide agus comhroinnte eolais agus beidh sé le feiceáil ar bhoird fógraí in áiteanna straitéiseacha ar féidir leis an bpobal iad a fheiceáil, i gcomhréir leis na ceanglais chonarthaacha a bhaineann le tacaíocht an Chiste don Nuálaíocht.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Soláthróidh togróirí an tionscadail faisnéis mhionsonraithe maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 ina bpleananna comhroinnte eolais agus cumarsáide agus scaipthe. Déanfaidh siad faireachán ar a gcur chun feidhme go tráthrialta agus, más iomchuí, athbhreithneoidh siad é.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN
